**An Dara hÁit sa Chatagóir Shinsearach**
**Emily Keane**
**Davis College, Mallow, Co. Cork**
**Teacher – Colm Hyde**

## An Laoch Is Mó

Roimh ár gcluiche b'fhiú dúinn guí,
Go sábhálfaidh Dia sinn óna leath uair tar éis a trí,
Tabhair misneach dúinn in aghaidh an slua,
'S'iad ag liú agus ag béicigh faoin gcalaois crua

Seol luas chuig mo chosa nó bheinn i bponc,
Dá dtitfeadh an lán tosaí i ndiaidh sonc,
Má chloistear an fheadóg deiridh 's tosaíonn raic,
Beidh orm imeacht roimh an gcomhraic

Cosain m'fhoireann, beag agus mór,
Coimeád a súile géar san aimsir te agus fuar,
Chuig an dream ar an líne ag mallú 's ag búiríl,
Is daoine sinn, tóg go bog é leis an screadaíl

Cabhraigh leis na leads ina gcótaí geala bána,
Chun faire ar na himreoirí soinneanta 's dána,
Lig dóibh cinntí a dhéanamh gan moill, gan stad,
Más botún atá ann lean ar aghaidh leis an gcaid!

Ar an 19ú Lúnasa nuair a bheidh an séasúr thart,
Fágfaidh mé an pháirc le dínit agus neart,
Tógfaidh na buaiteoirí an lá agus an corn,
Deacair dos na  caillteoirí éisteacht leis an torann

Ceistóidh gach uile duine conas a bhí,
Rath chomh cuimsitheach ar na curaidh,
Na créatúir a caillfidh beidh siad cinnte croíbhriste,
"Beidh lá eile ag an bPaorach" á déarfaidh sean-imreoir cliste.

Caithfidh réiteoir a bheith cothrom agus cruinn,
Nó ag deireadh an lae ní thuillfeadh sé nó sí puinn,
Deirtear go ndéanaimid ár bpost gan mórán buíochas,
Ach athnaíonn an tromlach an fhírinne dár laochas

Anois tá sé in ann dom sos a thógaint ó mo leabhar,

Go raibh maith agaibh uilig don tacaíocht s’ don chabhair.